TIONSCNAMH DHÚN LAOGHAIRE UM DHÍDEANAITHE

DÚN LAOGHAIRE REFUGEE PROJECT

2010

NAOÚ TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR GHNÍOMAÍOCTAÍ

Corpraithe faoin Acht Carthanas 1973

Uimhir Chánach CHY14507

Formheasta mar "charthanacht údaraithe" um dhíolúine chánach ar dheonacháin faoi

Acht Comhdhlúthaithe Cánach 1997

ríomhphost:dunlaoghairerefugee@ireland.com & http://www.drp.ie

Seoladh Cláraithe: 45A An Pháirc Theas, Baile Átha Cliath

Tá leagan Béarla den tuarascáil seo ar fáil

ar ár láithreán gréasáin

www.drp.ie

Innéacs

1. Cúlra

2. Cláir agus Imeachtaí

2.1. Oideachas agus Traenáil
2.2. Láthair "Buail Isteach" i nDún Laoghaire
2.3. Leas Sóisialta
2.4. Cúrsaí Dlí
2.5. Lá Domhanda na nDídeanaithe á Chomóradh i nDún Laoghaire
Tuarascáil "Doirse Ar Leathadh"
2.6. Beartais an Stáit maidir le Tearmann
Páistí Scartha Gan Tionlacan agus ag Iarraidh Tearmainn (faoi bhun 18 Bliain d'Aois)
Iarrthóirí Tearmainn "Thar an Aois" (thar 18 bliain sáraithe acu) Scaipthe taobh amuigh d'Átha Cliath
An Bille Inimirce, Cónaithe agus Cosanta
2.7. Teagmháil le hEagraíoctaí Reachtasacha / Neamhreachtasacha, le Páirtithe Polaitiúla agus leis na Meáin Chumarsáide.
2.8. Cúrsaí Riaracháin TDD, Gníomhas Iontaobhais agus Bunreacht, Beartais
2.9. Cúrsaí Airgid agus agus Airgead a Chruinniú
2.10. Clár Bliantúil agus Buiséad le haghaidh 2010

3. Admhálacha agus Buíochas

Aguisín – Iontaobhas & Baill Chomhaltas Thionscnamh Dhún Laoghaire um Dhídeanaithe (Coiste & Saorálaithe) – 30/12/2010

1. Cúlra

Téann Tionscnamh Dhún Laoghaire um Dhídeanaithe siar go mí an Mheithimh 2001, nuair a tháinig baicle de mhuintir Dhún Laoghaire le chéile – daoine ar chás leo cairdeas agus cúnamh a thairiscint do na hiarrthóirí tearmainn ar thug na húdaráis cóir lóistín dóibh i dtithe iostais i nDún Laoghaire ag an am sin. Orthu siúd bhí líon mór de pháistí ag iarraidh tearmainn, agus iad scartha óna dtuismitheoirí (mionaoisigh gan tionlacan faoi bhun 18 d'aois). Dúnadh an teach iostais deireanach inár gceantar in Aibreán 2006. Ach níor lúide sin ár ndícheall chun cuidiú leis na hógánaigh chéanna sin, agus le hógánaigh eile den tsamhail a tháinig isteach ní ba dheireanaí. Ógánaigh Afracacha a mbunús uile, scaipthe i lóistíní ar fud mhór-cheantar Átha Cliath. Is é an chaoi anois é go ndéanann muid teagmháil go rialta leo siúd trí chruinnithe Buail Isteach – agus a bhuíochas sin ar Lárionad Traenála Pobail Dhún Laoghaire (LITPDL) - cruinnithe a chuirtear ar bun sa Lárionad sin gach uile oíche Luain, ó mhí an Mheithimh 2005 go dtí an lá inniu.

Abhcóideacht ar son daoine óga scartha ag iarraidh tearmainn is ea ár bpríomh-chúram de shíor. Is iad is cás linn, daoine óga soghonta atá ag iarraidh tearmainn i gcónaí chomh maith leo siúd a bhain tearmann amach, agus daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois chomh maith leo siúd atá "thar an aois" idir 18 agus 25 bliain. Cuireann muid cúnamh praiticiúil freisin ar fáil dóibh, go háirithe i réimse an oideachais agus na traenála.

Nil sos ar theacht na n-iarrthóirí tearmainn go hÉirinn – agus san áireamh páistí gan tionlacan. Bíonn na daoine sin ag éalú ó thíortha atá mar a ndéantar cearta an duine a shárú go coitianta. I rith na bliana 2010, rinneadh 1,939 iarratas ar thearmann (féach www.orac.ie). Tá an líon sin ag laghdú in aghaidh na bliana mar a chruthaíonn na staitisticí comhchosúla - 3,807 (sa bhliain 2008) agus 2,660 (sa bhliain 2009). Is ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Stádas Dídeanaithe atá na hiarratais sin bunaithe, coinbhinsiún a dhaingnigh Éire breis is caoga bliain ó shin. Tá tuilleadh is 10,000 duine ar bronnadh stádas dídeanaithe orthu sa stát agus áireamh níos líonmhaire fós d'iarrthóirí tearmainn ar bronnadh cead fanacht orthu.

Tugann muid cúnamh freisin do na daoine óga a scaipeadh as Áth Cliath - a bhformhór sin go Gaillimh agus go Port Láirge -, tar éis ocht mbliana d'aois a bheith scartha acu (aicmithe mar "thar an aois"), de réir an bheartais oifigiúil a fógraíodh i 2009.

Tá an éigeandáil gheilleagrach ag cur isteach ar na daoine óga go géar, agus go háirithe tráth a mbíonn siad ar thóir oibre nó ag iarraidh post oibre a choinneáil. Maidir le TDD féin, tá sé ag éirí níos deacra i ndiaidh a chéile deontais a bhailiú.

Is Iontaobhas Carthanach é TDD, atá ionchorpraithe ag na Coimisinéirí um Dheonacháin agus Thiomnachta Carthanacha d'Éirinn de réir Acht na gCarthanas 1973. De bharr cúnaimh airgid dheonaigh is ea a maoinítear TDD agus is iad oibrithe gan tuarastal (saorálacha) amháin lucht na foirne uile, gan aon daoine den phearsanra fostaithe ar phá agus gan aon spás oifige tógtha ar cíos. Is beag airgead ar fad a chaitear ar chúrsaí riaracháin.

2. Cláir agus Imeachtaí

2.1 Oideachas agus Traenáil – i gColáistí Tríú Leibhéil de chuid na gCoistí Gairmoideachais, d'fhormhór, i nDún Laoghaire agus i mBaile Átha Cliath - Costas Taistil Phoiblí do Mhic Léinn

De bhrí gurab iad iarrthóirí tearmainn óga ba chúis le TDD ón gcéad lá dár thosaigh muid, níor linn ab' fhaillí é deiseanna oideachais agus traenála a aimsiú dóibh siúd ag an rás seo dár saol. Ba ag na Coláistí Gairmoideachais (CGO – VEC) i nDún Laoghaire agus i mór-cheantar Átha Cliath is mó a bhí sroicheadh i gcónaí ag na hógánaigh ar chúrsaí iomchuí léin. Is é an chaoi anois é freisin go bhfuil TDD ag síneadh láimhe cuidithe do bhuíon bheag d'ógánaigh (iarrthóirí tearmainn a bhfuil 18 bliain sáraithe acu agus iad aicmithe mar "thar an aois") a scaipeadh ar na mallaibh taobh amuigh d'Átha Cliath go Gaillimh agus cathracha eile, d'fhonn a ndíol oideachais a fhreastail.

I rith na bliana 2010, thug TDD cúnamh do 31 ógánach (22 buachaill agus 9 cailín) agus iad i ndíth airgid chun go bhféadadh siad tús a chur le – nó leanúint de - chúrsaí ag na Coláistí CGO – VEC nó cúrsaí Ollscoile / Institiúide Teicneolaíochta, agus ina measc sin duine amháin ag freastal ar mheánscoil i nGaillimh.

Tá cuid acu siúd atá fós sa phróiseas cinnte tearmainn agus cuid eile a bhfuil cead cónaithe bainte amach acu. Is é an chaoi gur chuidigh TDD leis na 31 ógánach sin le táillí *agus* le hiompar; agus lena chois sin, thug muid cuidiú iompair *amháin* le 6/8 ógánach breise agus iad ag taisteal chun an Choláiste agus le mionsonraí amhail téacsleabhair agus eile. Mar aon le sin freisin, bhí muid in ann daoine nó eagraíocht a chur in aithne d'ógánaigh eile chun *urraíocht* a aimsiú maidir le táillí cúrsa / iompar, agus thairis sin bhí drong ní ba líonmhaire d'ógánaigh ar tugadh *treoir ghairme* dóibh – ógánaigh a raibh ar a gcumas na costais a íoc iad féin. Is mór ár mbuíochas don Fhondúireacht One agus do Chumann Naomh Uinsionn de Pól as ucht a n-urraíochta sin.

De réir na bhfigiúirí atá againn (daoine óga ar tugadh maoiniú de chineál éigin le haghaidh cúrsaí oideachais), is féidir comparáid a dhéanamh leis na blianta roimhe mar seo:

- 42 (bliain 2007).
- 41 (bliain 2008)
- 47 (bliain 2009)
- 31 (bliain 2010),

Is féidir na 31 ógánach céanna sin ar mhaoinigh TDD iad i 2010 a aicmiú arís:

- Cúrsa CGO – VEC Aon-bhliana (1)
- Cúrsaí Ilbhliantúla CGO – VEC (20)
- Céim Ollscoile nó IT (9)
- CGO – VEC Gaillimh (1).

Cuirtear tús leis na cúrsaí staidéir seo i mí Mheán Fhómhair agus is cúrsaí a bhfuil claonadh praiticiúil leo go léir, i dtreo is go gcáileofar na mic léinn le haghaidh gairme beatha éigin. Áirítear ansin:

- Ailtireacht
- Líníocht ailtireachta
- Staidéir ghnó
- Feighlíocht pháistí
- Ríomhaire/Teicneolaíocht Faisnéise
- Leictreonach
- Innealtóireacht
- Staidéir Bhanaltrachta

Bíonn cuid acu ag freastal ar chúrsaí lánaimseartha sa ló agus cuid eile freisin ar chúrsaí dioplóma san oíche, arae bíonn ar na daoine óga a bhain cead cónaithe amach a gcuid féin a shaothrú nó más ag lorg oibre atá siad agus iad ag fáil sochar leasa sóisialta ní cheadaítear dóibh ach cúrsaí oíche a thógáil.

De réir an ghnáis gach bliain, thug saorálach agus ball den Choiste, Oide Treorach Gairme ar scor, faoi chlár treorach gairme arís eile i mbrollach mhí Eanáir, ag téisclim i gcomhair an téarma a thosódh sa mhí Mheán Fómhair dár gcionn. Is éard atá i gceist: an cúrsa is feiliúnaí a thoghadh do na hógánaigh i riocht is go gcáileofar iad le haghaidh post oibre, comhairle a thabhairt dóibh cén chaoi is fearr iarratas a chur isteach ar chúrsa, agus ar dheontas mic léinn (deontais Chomhairle Contae agus urraíocht), faireachán a dhéanamh ar gach aon mhac léinn i gcaitheamh na bliana acadúla agus torthaí scrúdúchán a mheasúnú. Is ag na mic léinn atá an t-ádh go bhfuil an treoir agus an chomhairle sin ar fáil ar séan uair agus aimsire.

Foilsíodh na torthaí scrúdaithe i Meitheamh 2010, agus is follasach dá bharr sin gur mór an íota chun eolais agus chun staidéir a bhí ag ár mic léinn óga. Ar na ceannródaithe ba mhó clú, bhí ógánach amháin a ghnóthaigh chéad onóracha i gcéim mháistreachta in Ollscoil Chathair Átha Cliath. Ba é Cumann Naomh Uinsionn de Pól a d'íoc a tháillí staidéir.

Ar an 30 Lúnasa, chuir muid fáilte roimh Iníon Susan Burke, Feidhmeannach Ceangail Chultúrtha, Coláiste Breis-Oideachais Dhún Laoghaire (CBOD) a tháinig ar cuairt orainn, mar a rinne sí sa bhliain 2009 freisin. Bhí uaithi bualadh leis na mic léinn ar glacadh leo le haghaidh cúrsaí staidéir ansin agus bheartaigh sí dul i gcomhar linn go rialta i rith na bliana acadúla dár gcionn.

Rinne an Tuarascáil taighde "Doirse Ar Leathadh" (§ 2.5 thíos) roinnt moltaí maidir le hoideachas agus traenáil agus go háirithe maidir le traenáil i scileanna gairme, mar chonair chun na hoibre, mar shampla leas a bhaint as FÁS, An Chomhairle um Oideachas agus Traenáil Bhreise / FETAC agus An Scéim Oideachais um Dheiseanna Gairme. Tá TDD ag déanamh scrúdú ar na moltaí sin go cúramach.

Is trom iad na táillí a chaitear ar thaisteal na mac léinn go dtí an Coláiste agus thar ais gach lá ach is riachtanach na táillí sin. I dtaca leis sin cheannaigh TDD ticéid bhus agus roinneamar iad ar na hógánaigh a raibh gá acu leo. Rinneamar amhlaidh le haghaidh taistil chun na seisiún Buail Isteach, freisin. Coinnítear cuntas de na

hadmhálacha agus na costais a bhaineann leis seo agus déantar na hógánaigh a fhiosrú le cinntiú gur baineadh leas as na ticéid mar ba chóir.

Costas*:* Bhí na costais a bhain le hoideachas ar aon dul leis an méid a caitheadh i 2009 mar a léirítear anseo:

- €15,869 ar tháillí cúrsaí staidéir (45% den chaiteachas iomlán)
- €12,481 ar iompar chun an Choláiste (35% den chaiteachas iomlán)

2.2. Láthair "Buail Isteach" i nDún Laoghaire, mar phointe caidrimh in aghaidh na seachtaine leis na hÓgánaigh dhídine / tearmainn, agus go háirithe leis an aos óg a raibh baint acu tráth leis na tithe iostais i nDún Laoghaire.

2.2.1 Tionóil "Buail Isteach"

Gléas oibre airmheáin do TDD is ea na cruinnithe oíche Luain, dá reáchtáil óna 19.00 go dtí a 21.30 uair ag Lárionad Traenála Pobail Dhún Laoghaire (LTPDL), ó cuireadh tús leo i Meitheamh 2005.

I rith na bliana 2010, tionóladh cruinnithe oíche Luain ag LTPDL 48 uair – agus san áireamh saor-laethanta bainc – ach amháin nár tionóladh cruinnithe: 11 Eanáir agus 6 agus 20 Nollaig toisc na garbhshíne ansin, agus arís ar an 21 Meitheamh toisc chomóradh Lá Domhanda na nDídeanaithe ar an lá sin (féach §2.5 thíos) agus arís eile ar an 27 Nollaig ag ceann na bliana. Tá muid faoi chomaoin mhór ag foireann LTPDL as ucht cead úsáid a bhaint as a n-áitreabh agus as ucht a mórchroí i gcónaí.

Ba shásúil ar fad an freastal a rinneadh ar na cruinnithe: thagadh idir 6 agus 40 ógánach nó breis agus 30 ar an meán, gach uile sheachtain go féiltiúil. Mar a tharla san am thart, ba iad na 'seanfhondúirí' a thug 'nóibhísigh' leo go dtí na tionóil. Ar na daoine óga sin, bíonn roinnt bheag de pháistí scartha (mionaoisigh faoi bhun 18 bliain d'aois) a dhéanann freastal go rialta.

2.2.2 Staidreamh

Ag deireadh na bliana, bhí corradh is 250 ógánach cláraithe go hiomlán ag TDD – clár a coinníodh go cúramach le ceithre bliana anuas. Ortha siúd bhí drong a dhéanann freastal go rialta agus drong eile a thagann ó am go chéile. I gcaitheamh na naoi mbliana ónar bunaíodh TDD, is é an chaoi gur chuir muid aithne ar an draoi de dhaoine óga, cuid mhaith acu a bhain cead cónaithe amach idir an dá linn, a d'fhódaigh iad féin i gceantar mór Áth Cliath, a fuair obair sheasta agus a bhunaigh teaghlach. Orthu siúd, freisin, tá drong ann a bhain saoránacht na hÉireann amach.

Sa bhliain 2010, bhí 171 duine cláraithe – 55% macaomh fir agus 45% macaomh mná - mar ógánaigh a thaithíonn na seisiúin "Buail Isteach" *go rialta*. – agus iad de bhunadh tíortha éagsúla ina n-áirítear: An Aetóip, Angóla, an Bhúrúin, Eiretré, an Chéinia, an Iráic, An Nigéir, An Óiséit Theas, Ruanda, an tSiombáib, an tSomáil, agus Uganda

2.2.3 Leagan Amach na gCruinnithe "Buail Isteach"

Mar a rinneadh san am thart, is mar seo a leagtar amach na cruinnithe:

- Fáiltítear roimh na daoine óga arna theacht isteach dóibh agus cláraítear iad sa rolla freastail.

- Cuirtear fáilte faoi leith roimh gach nóibhíseach agus ainmnítear saorálach chun a shonraí pearsanta a bhreacadh síos agus chun eolas a thabhairt dó ar imeachtaí na seisiúin "Buail Isteach": déantar leac an doichill a bhriseadh.
- Leantar de shraith chainteanna a chuimsíonn ár gclár "Saol agus Saothar". Tugann ball TDD nó aoi-chainteoir an chaint (féach 2.2.4 síos).
- Cuirtear ar bun agallaimh "aghaidh le haghaidh" ar leataobh mar a scrúdaítear deacrachtaí daoine aonair – deacrachtaí a bhaineann, go hiondúil, le deiseanna oideachais, fostaíochta, cúrsaí dlí, leas sóisialta agus ábhair phearsanta eile.
- Déantar obair riaracháin.
- Cuirtear ceapairí agus tae ar fáil: bíonn na daoine óga ag comrádaíocht lena chéile agus le lucht TDD ar a só agus déantar caint agus eolas a bhabhtáil i gcuideachta neamhfhoirmiúil.

2.2.4 Clár Saoil agus Saothair

Ba é an cuspóir a chuir muid romhainn, na daoine óga a chur ar an eolas i dtaobh "scileanna saoil" a bhfuil suim phraiticiúil ag baint leo agus lena chois sin ceisteanna níos leithne a phlé leo mar: stair na hÉireann, córas polaitíochta na tíre, cultúr agus teanga, an tAontas Eorpach, cearta an duine, cúrsaí geilleagracha maille le cúrsaí an tsaoil faoi láthair sa tír agus sa cheantar agus "ceangail chros-phobail" a spreagadh (Tuarascáil Bhliantúil 2009 § 2.2). Cuireadh an Clár seo i dtoll a chéile i dtús 2010, tar éis a phlé leis na daoine óga féin, agus baisteadh an ***Clár Saoil agus Saothair*** air. Ba iad baill an choiste agus na haoi-chainteoirí a stiúir an Clár, mar a bhí feiliúnach. Ar na hábhair a pléadh, i rith na bliana bhí:

- Féin-eolas
- Muinín asat féin a chothú
- Cóngair leis na mothúcháin a riar mar is ceart
- Slí bheatha shláintiúil a chothú
- Scileanna cumarsáide a chothú
- Féin-chosaint agus na scileanna is gá
- An choimhlint a bhainistiú
- Tír eolais na hÉireann
- Post oibre a lorg agus deiseanna agallaimh i gcomhair poist oibre
- Árachas mótair
- Saorálaíocht
- Focail agus logainmneacha Gaeilge

- **"Big Airdeallach" – Clár an Gharda:** chuir na Gardaí Pobail agus na Gardaí Ceangail Eitnigh (Rannán Ceannchathartha Bhaile Átha Cliath Thoir) ó na stáisiúin i nDún Laoghaire agus i gCábán tSíle an clár seo ar bun arís ar an 10^{ú,} 21ú agus 31^{ú} Bealtaine. Ba iad na hábhair is mó a bhí faoi chaibidil: rialacha tráchta bóthair, teacht slán ar an mbóthar, ceadúnais tiomána, cáin bhóthair agus an bhulaíocht. Lean na Gardaí do bheith ag "bualadh isteach" ó am go chéile le linn na bliana agus thug siad cabhair dúinn, agus san áireamh cabhair maidir le Teastais Aoise a aimsiú. Tá muid thar a bheith buíoch díobh.
- **AkiDwa (Akina dada wa Africa – "Deirfiúracht" sa Teanga Svahaílís)** – ar 24 Bealtaine agus 14 agus 28 Meitheamh – ba í Iníon Alwiye Xuseyn, banaltra cháilithe agus bean seoil a chuir ceardlann faoi shláinte na n-

ógánach ar bun le haghaidh macaoimh fhir agus mhná. Arís, tá muid fíor bhuíoch.

- **Aoi-Chainteoirí ar Ábhair Speisialta**: orthu sin bhí:

-***An Seanadóir Eugene Regan*** – ar an 15 Feabhra: an próiseas daonlathach in Éirinn agus go háirithe clár oibre an dá Theach san Oireachtas.

-***Lárionaid Eolais an tSaoránaigh*** – ar an 17 Bealtaine: Mr. J.McCarthy agus Mr. John Flanagan: an cineál eolais agus comhairle a chuirtear ar fáil sna Lárionaid.

2.2.5 An Clár dá Phleanáil Romhainn Amach

Sa bhliain dár gcionn, beidh an Clár seo bunaithe ar na ceithre aonad chéanna mar a bhí cheana:

(a) Cainteanna agus Díospóireacht ar chúrsaí Saoil agus Saothair
(b) "Bígí Airdeallach" de chuid an Gharda Síochána
(c) Clár ar Shláinte an Duine Óig
(d) Aoi-Chainteoirí ar ábhair faoi leith.

Déanfar an Clár – agus na haoi-chainteoirí san áireamh – a phleanáil in éindí leis na daoine óga go luath san athbhliain, gan neamhaird a thabhairt ar an éigeandáil gheilleagrach atá ann. Beidh sé de chuspóir againn fáilte a chur roimh aoi-chainteoir nó eagraíocht gach uile mhí ar a laghad, agus sa chomhaireamh:

- **MAPS** (Seirbhísí Comhairle ar Chaiteachas agus ar Bhuiséid a Riar) a thug caint shuimiúil i 2009, **agus**
- **Threshold / Tairseach** (Carthanas Náisiúnta Tithíochta) faoi chearta agus dualgais an tionónta.

Iarrfaidh muid ar roinnt de na hógánaigh - daoine a bhfuil cead cónaithe bainte amach acu agus ciall ceannaithe acu lena linn - labhairt linn mar gheall ar dheiseanna oibre agus freisin ar an gcóras leasa sóisialta – mar a rinneadh cheana roimhe seo. Déanann a leithéid de rannpháirteachas féinmhuinín agus treallús an aosa óig a stóinsiú (bun-chloch ár gCláir). Sa cháil sin, tabharfaidh muid an treoir is cóir go cinnte mar a sonraíodh sa Tuarascáil "Doirse Ar Leathadh" (féach § 2.5) go háirithe maidir le:

- **Obair:** comhairle ar na scileanna is gá chun obair a lorg (féin-mhargú, curricula vitae a scríobh agus deiseanna agallaimh i gcomhair poist oibre), an t-oideachas breise mar bhua le post a fháil nó a choinneáil agus tábhacht na hoiliúna gairmiúla / scileanna mar chonair chun na fostaíochta – agus baint a bheith idir é seo uile agus ár gClár Oideachais agus Traenála, mar is cuí.
- **Saol:** cearta agus freagrachtaí an tionónta, sroicheadh ar shochair shóisialta, cúnamh le haghaidh tuismitheoirí, cúrsaí cónaithe agus saoránachta agus cóimhmheascadh sa phobal. Iarrfar ar na Gardaí, faoin gclár Bígí Airdeallach comhairle a thabhairt ar na bealaí is fearr déileáil le maslaí cainte agus drochíde eile a éirítear do na daoine óga de dheasca an chiníochais – fadhb a tharraingíonn na hógánaigh féin anuas de shíor.
- **Cúrsaí Sóisialta & Cultúir –** sa bhuíon seo d'ógánaigh, labhraítear 35 teanga dhifriúla agus a labhraíonn gach ógánach faoi seach trí theanga ar a laghad: mar sin ba chúis spéise dóibh luach na dteangacha i gcultúr na hÉireann, san Aontas Eorpach agus san Afraic a mheas agus a shuaitheadh. Mar a rinneamar cheana roimhe seo (Tuarascáil Bhliantúil 2008 § 4), gríosóidh muid na daoine óga chun freastail ar ranganna Béarla, arae is minic a bhíonn caighdeán a gcuid Béarla fhoirmiúil agus scríofa easnamhach go háirithe dóibh siúd atá ag

iarraidh nó i gceann poist oibre. Maidir le cúrsaí polaitíochta de, is dóichí gur ceacht samplach maith ar an bpróiseas daonlathach a bheidh san olltoghchán. Gríosóidh muid, freisin, na hógánaigh le páirt a ghlacadh sna himeachtaí cultúrtha i gceantar Dhún Laoghaire, go háirithe "Seachtain an Chuimsithe Shóisialta" i nDún Laoghaire Rath an Dúin".

2.2.6 Ceangail Chros-Phobail

Mar a léiríodh cheana sa Tuarascáil Bhliantúil 2009 § 2.2, bhí TDD ag súil le ceangail mar sin a chothú le heagraíochtaí an Óige, Spóirt, agus Cultúrtha i nDún Laoghaire agus in Átha Cliath. Luadh an cheist seo sa Tuarascáil "Doirse ar Leathadh" agus déanfar í a athbhreithniú i rith 2011.

2.2.7 Cuairteoirí go dtí na Cruinnithe "Buail Isteach" i 2010

Deontóirí

- Fondúireacht "One" – ar an 13 Meán Fómhair- Ms Layla Mahomed.

Cuairteanna Eolais agus Taighde

- Coiste na hÉireann de Chiste Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe um Leanaí / UNICEF: Ms Yolanda Kennedy, 10 Bealtaine.
- Comhairle Éireann do Theifigh / IRC: Ms Samantha Arnold (Leanaí Scartha), 9 Lúnasa – taighde le haghaidh tionscadail an AE ar chaighdeáin a shocrú i leith daoine atá ag obair ar son leanaí scartha.
- Comhairle Éireann do Theifigh / IRC: Ms Sue Conlon, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin agus Ms Samantha Arnold (Leanaí Scartha), 4 Deireadh Fómhair.
- Barnardos: Mr Itayi Viriri, 4 Deireadh Fómhair.
- "Crosscare" (Deoise Áth Cliath den Eaglais Chaitliceach), Mr. Gordan Hill, 4 Deireadh Fomhair:

Eaglaisí agus Compántais Chreidimh inár gCeantar

- Eaglais Phreispitéireach Naomh Aindriú, Bóthar Eabhrac, 18 Deireadh Fómhair - chuir sé áthas orainn fáilte a chur roimh an Oirmh. Chris Kennedy, a tháinig ar cuairt orainn ar. Mhínigh seisean do na hógánaigh a bhí a láthair gur áitreabh stairiúil is ea an Lárionad Traenála (LITPDL) mar a dtagann muid i ndáil a chéile de bhrí gur ansin a bunaíodh an chéad Eaglais Phreispitéireach riamh inár gceantar, agus gur mó an t-éacht oibre a rinne an Eaglais Phreispitéireach ar son an oideachais i dtíortha mar an Nigéir.

2.2.8. Cuairteanna Amach a Raibh an Lucht Freastail ar na Seisiúin "Buail Isteach" páirteach iontu– orthu siúd bhí:

- Seachtain Chuimsithe Sóisialta, Comhairle Contae DLRD, 8 – 14 Deireadh Fómhair. Is é an t-ainm a baisteadh ar an mbliain seo, Bliain an Aontais Eorpaigh le Troid in aghaidh na Bochtaineachta agus an Leithliseachais Shóisialta. Bhí imeachtaí cultúrtha ar siúl i ndeich is trí fichid ionad sa bhaile agus ghlac na daoine óga páirt. Chuir muid cóisir "an chuimsithe shóisialta" ar bun mar chuid den seisiún Buail Isteach oíche Luain, 18 Deireadh Fómhair.

2.2.9 Féilte Creidimh agus Cóisir na Nollag

Féilte: is é an beartas atá againn, na féilte creidimh a bhaineann leis na hógánaigh a cheiliúradh, más mian leo sin, mar shampla: an Nollaig agus an Cháisc do Chríostaithe, "Id al Fitr" ag deireadh mhí Ramadan agus Féasta na hÍobartha i mí an Hajj do Mhoslamaigh. Chuige sin, iarrann muid ar na daoine óga foláireamh a thabhairt dúinn faoi na Féilte a bhaineann leo d'fhonn iad a chronú agus a cheiliúradh le chéile. Tá an beartas seo i gcomhréir le Bunreacht na hÉireann a ordaíonn "oirmhidin agus onóir do Chreideamh": is é a cheapann muid go bhfuil cearta bonn ar aon ag na daoine óga a bhfuil reiligiúin agus cultúir éagsúla acu i riocht is gur féidir leo a bhféiniúlachtaí agus a ndílseachtaí féin a chaomhnú maidir le cultúr, teanga, stair, reiligiún, fiúntais agus béascnaí, ach é sin uile a bheith ar scáth dlí na tíre. I rith na bliana, chuir lucht TDD na daoine óga ar an eolas mar gheall ar thábhacht na bhFéilte Bríde agus Pádraig agus freisin Féilte na Cásca agus na Nollag do phobal na tíre seo ó thaobh na staire agus an chreidimh de.

Cóisir na Nollag: ba mhóide an trua é go raibh orainn cóisir na Nollag - toisc dúlaíocht na haimsire - a chur ar athlá, go dtí an 3 Eanáir 2011.

Costas: A bhuíochas ar LTPDL, is beag a chosain an clár tábhachtach seo ar TDD €879 (2.5% den chostas iomlán)–costas bia agus dí sna hoícheanta Luain, d'fhormhór.

2.3. Leas Sóisialta

Is iad na cineálacha sochair is mó a chuir TDD ar fáil i rith na bliana 2010:

- éarlaisí i leith cíosa nach fiú mórán iad.
- creidmheasa teileafóin cheallaigh.
- baill bheatha.
- teas agus solas.

De réir ár ngnáis, molann TDD i gcónaí cúnamh a lorg i dtosach báire ó na seirbhísí leasa sóisialta oifigiúla (An Roinn Cosanta Sóisialta**).** Tugann muid an t-airgead ar airleacan, nuair a mheasann muid go bhfuil sé d'acmhainn ag an bhfaighteoir íoc ar ais, ach is maith atá fhios againn, agus cúrsaí geilleagair a bheith in ainriocht, gur dóichí de nach mbeidh an duine a fhágann an t-airgead – agus go háirithe máithreacha single – in inmhe a aisíoctha choíche.

Costas: €3,114 (8.8% den chaiteachas iomlán)

2.4 Cúrsaí Dlí, Cead Cónaithe agus Tacaíocht ar uair an Ionnarbtha nó an Fhillte Dheonaigh, Pasanna / Cáipéisí Oifigiúla

- **Athbhreithniú Breithiúnach**: is ag an Ard-Chúirt atá sé le socrú más bailí neamhbhailí iad cinntí riaracháin oifigiúla – agus é sin de bhun athbhreithnithe bhreithiúnaigh - toisc iad a bheith contrártha leis an mBunreacht nó an dlí, ach go minic is éard a bhíonn i gceist, maidir le hathbhreithniú den chineál, go lochtaítear an cinneadh de bhun é a bheith míréasúnta. I mbolg an tsamhraidh, rinne baill TDD freastal ar an Ard-Chúirt nuair a éisteadh cúis den chineál, ina raibh duine óg i gceist a thaithíodh na seisiúin Buail Isteach. B'iarrthóir tearmainn é de bhunadh na Nigéire, a raibh a iarratas bunaithe ar a chlaonadh gnéasach (threoshuíomh homaighnéasach), iarratas dhiúltaigh an tAire Dlí&Cirt,C7AD. Rinneadh an fear óg a ionnarbadh go dtí an Nigéir i 2009.

Cuimsíonn an sainmhíniú atá ar dhídeanaí i ndlí na hÉireann (Acht na nDídeanaithe 1996 - Alt. 2): “duine, i ngeall ar eagla a bhfuil údar leis roimh ghéarleanúint de bharr” *inter alia* “ballraíochta de ghrúpa shóisialta”…atá “lasmuigh de thír a shean-gnáthchónaithe” agus sonraíonn Alt 1 den Acht go gcuimsíonn an bhallraíocht sin “treoshuíomh gnéasach faoi leith”. Mar sin, tá an ghéarleanúint mar gheall ar an treoshuíomh gnéasach ar cheann de na forais ar féidir éileamh bailí ar stádas dídeanaithe a dhéanamh de réir dhlí na hÉireann. Sa Nigéir, is mídhleathach iad na gníomhaíochtaí homaighnéasacha agus is féidir pionós príosúin suas go 14 bliain a ghearradh ar dhuine atá gafa i ngníomhaíocht homaighnéasach, agus - móide an tubaiste - sna ceantair inar cuireadh an dlí Shari’a i bhfeidhm is féidir breith báis a thabhairt (SAM Roinn Stáit 2009 Tuarascáil ar Chearta an Duine: An Nigéir). Tugadh an breithiúnas ní ba dheireanaí sa bhliain, agus is é an chaoi go raibh sé fabhrach don fhear óg. D’ordaigh an breitheamh go ndéanadh an tAire Dlí&Cirt,C7AD an cás a ath-scrúdú.

- **Stádas Dídeanaithe / Cead Cónaithe, Ionnarbadh / Fhilleadh Deonach**: ar na hógánaigh a dhéanann freastal go rialta ar na cruinnithe oíche Luain, bronnadh cead cónaithe (Stádas Dídeanaithe nó Cead Cónaithe) ar bheirt sa bhliain 2010, i gcomórtas le 28 sa bhliain 2009. Go bhfios dúinn, níor cáilíodh aon duine faoin gcatagóir nua bhreise sin “cosaint choimhdeach”. Bhí beirt as Angóla agus Nígéarach amháin ar eisíodh ord ionnarbtha dóibh i gcaitheamh na bliana 2010, ach gan na horduithe sin a bheith curtha i ngníomh roimh cheann na bliana. Lena chois sin, thogair cailín óg ón gCéinia filleadh abhaile go deonach le cúnamh ó Bhiúró Eadóirseachta agus Inimirce an Gharda (BEIG) agus ón Oifig Idirnáisiúnta um Imirce (OII / IOM).

- **Gníomhaíocht an Gharda**: chuir TDD faisnéis ar bun ag deireadh na bliana mar gheall ar dhá chás a raibh baint ag an nGarda leo, le féachaint ar chóir iad a chur faoi bhráid Ombudsman an Gharda.

- **Mionaoiseach ar Cuireadh Amhras ina Aois**: chuir Oifig an Choimisinéara Iarratas do Dhídeanaithe agus FSS / HSE in aghaidh teistíocht iarrthóra tearmainn óig ag deimhniú go raibh sé faoi bhun 18 bliain, d’ainneoin gur thug an fear óg ar aird teastas breithe ón tír Afracach inar rugadh é. Threoraigh TDD an cás seo chuig aturnae i Samhain. Fuarthas tuilleadh fianaise dhoiciméadach ó shin agus tá an macaomh ag súil le dul chun agallaimh mar gheall ar a iarratas ar thearmann. Ní dhearnadh aon chinneadh go nuige seo.

- **Pasanna**: cúis cheataí i gcónaí is ea é pasanna a aimsiú i gcás daoine óga a bhfuil cead fanacht bainte amach acu (Tuarascáil Bhliantúil 2009 § 2.4.). Is i Londain nó i bPáras a bhfuil Ambasáidí fhormhór na dtíortha Afracacha agus is minic a bhaintear moill fhada as an tseirbhís. De cheal pas náisiúnta, ní féidir leis na daoine óga an Cárta Glas (stampa 4) a fháil agus gan an Cárta Glas ní féidir leo teacht ar na sochair shóisialta agus obair a chuardach. Ní miste a admháil gur thug BEIG gach darbh fhéidir de chúnamh dúinn sa cháil seo. Ba mhaith le TDD buíochas faoi leith a ghabhail do Tom Fallon i mBiúró Eadóirseachta agus Inimirce an Gharda (BEIG) mar gheall ar a chúnamh agus a chomhairle.

Costas*:* €400 (0.7% den chaiteachas iomlán)

2.5. Lá Domhanda na nDídeanaithe á Chomóradh i nDún Laoghaire. Tuarascáil "Doirse ar Leathadh"

Is é aidhm Lá Domhanda na nDídeanaithe aird a dhíriú ar chás agus ar chearta na ndídeanaithe ar fud na cruinne, agus réitíonn an comóradh seo inár gcomharsanacht le beartas Chomhairle Contae DLRD i leith an chuimsithe sóisialta. De réir Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Stádas Dídeanaithe, Coinbhinsiún a ionchorpraíodh i ndlí na hÉireann, is é is cúram d'Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe, deimhniú go gcuirtear an Coinbhinsiún i bhfeidhm i gceart ar fud críocha an domhain. Is éard a nocht an tArd-Choimisinéir sa tuarascáil "Global Trends" - a fhoilsítear gach bliain roimh Lá Domhanda na nDídeanaithe – go raibh thart ar 43.3 milliún duine a baineadh ó fhréamh le foréigean ar fud na cruinne ag tús na bliana 2010 – an figiúr is airde ó lár na mblianta nócha. Orthu siúd, bhí 15.2 milliún dídeanaí. Lena chois sin bhí corradh ar mhilliún iarrthóir tearmainn agus ina measc sin bhí bordáil ar 19,000 páiste gan tionlacain agus scartha ar fud 71 tír. Bhí beagnach 27.1 milliún duine díláithrithe taobh istigh dár dtíortha féin. Is sna tíortha i mbéal forbartha atá thart ar 80% de dhídeanaithe na cruinne.

Comóradh Lá Domhanda na nDídeanaithe den séú bliain in éadan a chéile i nDún Laoghaire ar an Luan, 21 Meitheamh. Arís eile, ba é IEDT/IADT (Institiúid na hEalaíona, an Dearaidh agus na Teicneolaíochta / Institute of Art, Design and Technology) a thug aíocht don Chomóradh. Bhí an comóradh faoi chomh-choimirce: IEDT/IADT agus Comhairle Contae DLRD.

Ba é croílár chomóradh na bliana seo, tuarascáil taighde a sheol an Teachta Barra Mac Aindriú T.D., Aire Gnóthaí Leanaí agus Óige, dar teideal "Doirse ar Leathadh" – Cabhsa chuig Saol Úr". Léiríonn an tuarascáil na dúshláin ar a dtugann na hógánaigh seo ucht – iad a shroich an tír seo mar pháistí scartha ag iarraidh tearmainn, agus a bhain Stádas Dídeanaithe nó Cead Cónaithe amach sa stát. Ba é Itayi Viriri a bhí freagrach as an taighde, ceann oibre a bhí faoi choimirce na hÁisíneachta "Troid in Éadan na Bochtaineachta" (an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh) agus Tionscadal Domhanda an Chomhionannais, Lárionad Léin an Chomhionannais, Coláiste na hOllscoile Átha Cliath (Roinn an Cheartais Shóisialta). Ba chineálta an mhaise do Chomhairle Contae DLRD (Aonad an Chuimsithe Shóisialta) na costais chlóbhuailte a ghlanadh.

Áirítear sa tuarascáil gur buíon i bhfolach go mór agus go fada iad na hógánaigh seo agus cúnamh ag teastáil uatha de réir mar a fhástar suas agus a théitear i ngleic lena gcuid a shaothrú ar a son féin. Ar na moltaí is mó spéis don TDD luaitear: straitéisí iomchuí a bhaint amach tráth a iompaíonn na hógánaigh fhir agus mhná seo ó bheith ag iarraidh tearmainn go dtí an tearmann a bheith bainte amach acu (cead cónaithe de bhíthin stádais dídeanaithe nó cead fanacht), mar is ansin a chaitear ceart a bhaint de cheisteanna praiticiúla fearacht: obair a lorg agus a choinneáil, sroicheadh ar thraenáil bhreise, cearta úinéara tí agus tionónta, agus dul i muinín eagraíochtaí a thugann taca do dhaoine aonair agus do mhuiríneacha. Is cúis imní é an céatadán ard (64%) dár ghlac páirt sa tsuirbhéireacht a bheith ag cuardach oibre gan rath ar feadh sé mhí nó níos mó agus an líon an-bheag a raibh obair lánaimseartha acu.

San aitheasc a thug an tAire Mac Aindriú, rinne sé teagmháil don bhuíon de dhaoine óga, a luaitear sa tuarascáil, agus do na deacrachtaí a bhíonn faoina gcomhair go speisialta. Thug an tAire a fhocal go "ngearrfadh sé marc ar a liosta go siúráilte". Is é a iarrann TDD go gcuirfear ar fáil don bhuíon seo na seirbhísí céanna iarchúraim agus a sholáthraítear do pháistí de bhunadh na hÉireann, ar fhágáil cúram an stáit dóibh. Ciallaíonn sin go gcaithfidh an dá eagraíocht stáit - Áisíneacht Fháilte agus Comhtháite-AFC/RIA (Roinn Dlí&Cirt,C7AD) agus Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS) – dul i gceann oibre go dlúth i gcomhar le chéile maidir leis na pleananna cúraim i leith gach uile ógánaigh sula n-aistrítear iad go cóir lóistín AFC/RIA tar éis dóibh 18 bliana a shárú (féach freisin § 2.6). *Tá téacs na tuarascála ar ár suíomh gréasáin (www.drp.ie).*

Bhí breis agus 130 duine sa láthair ag an gComóradh. Ba é an tUasal Jim Devine, Stiúrthóir IEDT/IADT a thug an t-aitheasc fáiltithe. Labhair freisin Ms Marie Baker, Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin agus Ms Marie Carroll, Bainisteoir Chomhpháirtíocht an Chinn Theas. Ar na haíonna a tháinig, bhí ionadaithe ó na fondúireachtaí carthanachta a chuidíonn le TDD.

Tá TDD an-bhuíoch den Aire Barry Andrews agus de na haoi-chainteoirí uile de bharr na n-aitheasc a rinne siad, de bharr a gcuid cúnaimh phraiticiúil, agus na n-áiseanna agus na sólaistí a sholáthair siad.

Ba é Victor Muia, a bhí mar mháistir ar imeachtaí na hoíche. Ba iad na daoine óga féin a chur fáilte roimh an lucht éisteachta agus a rinne coimhdeacht orthu ar a dteacht isteach. Léirigh Gabriel Akujobi, Segun Akano, Niall Canavan agus Chris Moran sceitse drámata dar teideal "Scoil an Cheoil" agus ligeadh gáir mholta leo. Ba é Gabriel Akujobi agus baill an bhanna, "High Life" na hAfraice Thiar - *Ife-Olu* - a bhí i mbarr a ngeallta ag seinm ceoil le linn na hoíche.

Costas*:* Ba é an t-aon chostas a raibh TDD thíos leis, €100.

2.6. Beartais an Stáit maidir le Tearmann

2.6.1 Páistí Scartha Gan Tionlacan ag Iarraidh Tearmainn faoi bhun 18 Bliain d'Aois

Sa Tuarascáil Bhliantúil 2009 § 2.6.2, rinne TDD tagairt d'imní Oifig an Ombudsman do Leanaí (Tuarascáil ar Leanaí Scartha ina gCónaí in Éirinn – 2009) mar gheall ar *"an gcúram lagmheasartha a sholáthraítear dona leanaí sin agus iad ina gcónaí i gcóraíocht iostais gan chlárú"* rud *"nach féidir glacadh leis agus go raibh sé contrártha leis na forálacha a leagadh síos inár reachtaíocht náisiúnta ar chúram an linbh"*. Thug TDD suntas do ráiteas FSS/HSE (Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte) a foilsíodh faoi Shamhain 2009 go raibh siad *"ag féachaint chuige deireadh ar fad a chur le húsáid na córaíochta iostais, go ndéanfaí é sin céim ar chéim ach go cinnte roimh Nollaig 2010, agus go raibh sé de rún acu seirbhísí cúraim feiliúnacha agus seasta a cur ar fáil ar an dá leibhéal – náisiúnta agus áitiúil – le haghaidh na Leanaí Scartha ag Iarraidh Tearmainn"*. Bhí an cáineadh seo mar gheall ar na modhanna oibre a bhí i bhfeidhm ar aon dul leis an gcur síos agus leis na moltaí atá ar fáil i dTuarascáil Uí Riain (Tuarascáil an Choimisiúin ar Mhí-úsáid an Linbh, Meitheamh 2010 - Caibidil 7, "Moltaí").

Ar an 10 Feabhra 2010, sheol Cathaoirleach TDD litir ar son an Choiste don Teachta Barra Mac Aindriú T.D., Aire Gnóthaí Leanaí agus Óige, ag tarraingt aird ar a raibh beartaithe maidir leis na páistí seo, eadhon, iad a aistriú go teaghlaigh altrama seachnóin na tíre. Dar le TDD gur chúis imní é sin toisc comhlacht príobháideach a bheith cheaptha ag FSS/HSE d'fhonn na teaghlaigh sin a thoghadh. Is éard a bhí ag teastáil ó TDD go gcuirfeadh an comhlacht príobháideach *"na treoir-línte céanna i bhfeidhm is a úsáideann FSS/HSE féin, nuair a théitear i mbun teaghlaigh altramais a thoghadh"*. Ar na cúiseanna imní eile bhí:

- an t-am fada a thógann sé le teaghlaigh a mheasúnú tar éis do na tuismitheoirí altramais toil a thabhairt d'altramas a thairiscint.
- ganntanas na dteaghlach altramais atá le fáil.
- gan oibrí sóisialta tiomnaithe a bheith ceaptha i leith gach aon teaghlaigh.
- an t-am a thógann an Garda nuair a dhéantar teaghlaigh aonair a mheasúnú sula socraítear ar an leanbh a altramú ann.

Tugadh faoi deara go raibh thart ar 78 páiste den chineál fágtha sna ceithre theach iostais a bhí fós ann. Sa cháil sin, ba chúis imní é, an téarma a spriocadh chun na hiostais a dhúnadh – téarma ró-chúng -, agus go raibh baol ann dá bhrí sin go mbrostófaí próiseas an altramais i riocht is go ndéanfaí aimhleas na bpáistí soghonta seo. B' údar sásaimh, ámh, é dar leis an gCathaoirleach, go raibh foireann chúraim ar diúité de ló agus d'oíche anois sna ceithre theach iostais a bhí ar oscailt fós.

Is é a bhí ag teastáil ó TDD go háirithe:

- Go nglacfaí an t-am is gá d'fhonn teacht ar theaghlaigh altrama fheiliúnacha sa chaoi is go dtabharfaí dídean agus cosaint do na páistí soghonta seo.
- Oibrí sóisialta tiomnaithe a bheith ceaptha do gach aon pháiste a chuirtear i dteaghlach altrama.
- Go gcuirfí gach aon ógánach ar an eolas agus é i gceann a 18 bliain d'aois (agus ar an ábhar sin aicmithe mar "thar an aois") maidir leis an mbeartas cúraim a cheaptar don ógánach sin.
- Gnóthaí na buíne sin ("thar an aois") i leith a n-iarratas tearmainn a riaradh sa chaoi go ndéanfaí cinneadh faoi cheann téarma atá réasúnta.

Ag deireadh na bliana, tugadh le fios do TDD gur dúnadh go cinnte na ceithre theach iostais a bhí fágtha agus go bhfuarthas teaghlaigh altrama do na páistí i gceist, agus lena chois sin teaghlaigh do na páistí scartha eile a rinne iarratais ar thearmann in Éirinn le linn 2010. Bhí foireann Barnardos ag déanamh faireachán ar na páistí a fágadh faoi chúram sna teaghlaigh altrama

2.6.2 Iarrthóirí Tearmainn "Thar an Aois" (18 bliain sáraithe acu) Scaipthe taobh amuigh d'Átha Cliath.

Mar a dúradh inár dTuarascáil 2009 § 2.6.1, is é an beartas oifigiúil ón mbliain 2009 aniar, na hiarrthóirí tearmainn, agus iad inbhuailte ar na 18 bliain d'aois, a scaipeadh go dtí tithe iostais taobh amuigh d'Átha Cliath, mar a gcuirtear "soláthar díreach" (lóistín agus trí bhéile bhia in aghaidh an lae) ar fáil dóibh. Leanadh leis an mbeartas sin dá chur i ngníomh le linn 2010 agus rinneadh na hógánaigh a scaipeadh gan mhoill, dá luaithe is a bhí 18 bliain d'aois sroichte acu.

Ba é an droch-cheann a caitheadh leis na daoine óga a aistríodh:

- Ba shuarach é an bagáiste a ceadaíodh le hiompar.

- Bhí fuireach ar theacht ar an liúntas, €19.10, airgead póca in aghaidh na seachtaine.
- Bhí deacrachtaí ann maidir leis na cártaí leighis a aistriú.

Is cosúil gur beag aire nó ionghabháil a tugadh do chúrsaí oideachais: maidir leis na daoine óga a bhí i gcónaí sa mheánscoil, ní dhearnadh deimhin roimh ré iad a shocrú i meán-scoil iomchuí i mbailte a n-aistrithe mar ba dhual dóibh, agus is beag a rinneadh le dua agus doghrainn an phróisis aistrithe a mhaolú. I mí na Bealtaine 2010, thug baill TDD cuairt faoi dhó ar Ghaillimh agus ba léir go raibh na daoine óga a aistríodh dá mbuaireadh le lagar spride ("dúlagair") agus leis an uaigneas agus go raibh gníomhaíochtaí sóisialta in easnamh go mór taobh amuigh de na tithe iostais. Ba dheacair go mór i gcónaí áiteanna sna coláistí oideachas a fháil do na daoine óga agus iad thar 18 bliain d'aois. Bhí cailín amháin a aistríodh ó Átha Cliath i rith an chúigiú bliain den chúrsa Ard-teist agus níor éirigh léi áit in aon scoil a aimsiú ó mhí na Samhna roimhe sin.

I gcaitheamh na bliana, fuarthas réiteach ar a bheagán nó a mhórán de na deacrachtaí seo: mar shampla, tugadh toil don phrionsabal nár cheart daoine óga a bhí fós sa mheánscoil a aistriú ó Átha Cliath le linn an téarma scoile agus – a bhuíochas sin ar Chrosscare – cuireadh barr feabhais ar an deis iompair. Is cosúil freisin gur socraíodh go gcuirtí ceann oibre an aistrithe seo go cinnte ar an Áisíneacht Fháilte agus Comhtháite (Roinn Dlí&Cirt,C7AD) – rud a chuir feabhas ar an gcomhar oifigiúil.

Fearacht mar a rinneadh cheana i 2009, chuidigh TDD leis na daoine óga sin a raibh orthu déanamh réidh le taisteal agus go háirithe leis na máithreacha singile óga i bhfeighil chlainne páistí dólámhach. Níor scoir muid den teagmháil leo tar éis a n-aistrithe agus mhol muid dóibh dul i leith aon chompántais charthanaigh fheiliúnaigh atá ar siúl cheana nó dá cheal sin compántas a chur a bun dóibh féin san áit a gcónaíonn siad. Le linn na bliana 2010, thug baill TDD cuairt ar Ghaillimh (4 uair), ar Chorcaigh (uair amháin) agus ar Phort Láirge (3 uair) le teagmháil a dhéanamh leis na daoine óga féin agus freisin le compántais tacaíochta sna bailte sin.

I gCathair na Gaillimhe, chuaigh muid i gcomhairle le Buíon Tacaíochta na Gaillimhe do Dhídeanaithe / Galway Refugee Support Group agus le Caife Sláinte Gaff / Gaff - *Health Café*. Tá an Caife sin suite ag 14 Sráid Naomh Proinsias, Gaillimh, agus is le haghaidh daoine óga idir 14 agus 25 a bunaíodh é. Tá sé faoi choimirce Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS / HSE) agus feidhmíonn sé i gcomhpháirt le Foróige agus Obair Óige Éireann / Youth Work Ireland. Is é SPARK (Obair Óige Éireann agus FSS / HSE an Réigiúin Iartharaigh- Comhpháirtíocht) a bhainistíonn an Caifé. Thug compántais eile na Gaillimhe cúnamh freisin, san áireamh "Deartháir Mór / Deirfiúr Mhór - Big Brother / Big Sister", an Ghaillimh (eagraíocht dheonach a tionscnaíodh sna Stáit Aontaithe le clár comhairleoirí nó "anam chairde" a chur ar bun don aos óg). Ba mhór atá muid faoi chomaoin ag Gaff (*buíochas faoi leith do Shinéad*), toisc gur chuir siad tionól ar bun ar an 20 Bealtaine leis na fadhbanna a sonraíodh a phlé agus le réiteach a fháil orthu.

Mar a dúradh cheana (§ 2.1 thuas), chuidigh TDD le háiteanna a fháil do chuid dár ndaoine óga i nGaillimh sa chóras oideachais ansin. I bPort Láirge, thug TDD comhairle i ngeall ar áiteanna scoile, agus is cúis sásaimh dúinn go bhfuil beirt den triúr ógánach a scaipeadh ansin ag freastal ar an scoil agus ag déanamh riain go maith.

"Thar an Aois": Beartais Iar-Chúraim

Ní miste a rá gur fada an lá ó tharraing TDD aird ar riachtanais na haicme seo d'ógánaigh. Tharraing muid suntas go háirithe don mholadh a rinne an eagraíocht "Leanaí Dá Sábháil" agus Ard-Coimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (Save the Children - UNHCR Separated Children in Europe) sa Ráiteas Deá-Ghnáis (§12.2.2.) a d'eisíodar i bpáirtíocht le chéile i dtaobh na Leanaí Scartha san Eoraip, eadhon, gur "cóir go mbainfeadh na leanaí scartha sin leas as an gcóras cuidithe céanna is a bhaineann ógánaigh faoi bhun 18 bliain d'aois - tar éis dóibh teacht in aois oirbhirt i rith an phróisis tearmainn (nuair a aicmítear iad go minic mar 'thar an aois')". Níl sé óraice ag aon duine a bheith ag ceapadh *nach lúide* soghontacht an aosa óig seo agus *nach lúide* a riachtanais chúraim ar an bhforas amháin gur shroich siad 18 bliain d'aois. Thug muid faoi deara gurb iad ógánaigh suas go *25 bliain d'aois* atá faoi chúram Chaifé Sláinte GAF na Gaillimhe. Deir Tuarascáil Uí Riain go soiléir gur "cóir go bhfanfadh lucht na seirbhísí cúraim linbh i dteagmháil le daoine óga tar éis a dtéarma cúraim mar mhionaoisigh a bheith istigh" (Moltaí Caibidil 7). Rinne muid trácht cheana (§ 2.7 thuas) don ghá le pleananna leanúnacha cúraim a bheith ann.

Sa Tuarascáil "Doirse ar Leathadh" (féach § 2.5 thuas), tá moltaí fóinteacha ar fáil mar gheall ar leas na haicme seo d'ógánaigh agus ar an gcaoi is fearr iad a chóimheascadh sa phobal tar éis 18 bliain d'aois a bheith bainte amach acu. Thairis sin, ba mhaith le DTT go gcuirfí ar bun:

- Sáslach náisiúnta tuairiscithe le faireachán a dhéanamh ar an gciníochas, toisc gur shonraigh na daoine óga i gceist go gcastar leibhéil chiníochais an-ard chucu agus gur "bacainn mhór é ar bhealach an chóimheascaithe".
- Tuilleadh taighde mar gheall ar ghalar an "dúlagair" (lagar spride) mar a tholgtar é sna tithe iostais a gcaitear seal fada ina gcónaí.

2.6.3 An Bille Inimirce, Cónaithe agus Cosanta

De bhrí lánscoir do Dháil Éireann a bheith dá thuar go luath san athbhliain, is cosúil go dtitfidh an dréacht reachtaíocht i léig, dréacht a thug an Rialtas isteach i 2007. Ní miste a lua go ndearnadh sraith de mholtaí a thug chun solais pointí tábhachtacha i dtéacs an Bhille maidir le cearta an linbh agus go háirithe na haighnis a rinne: Comhairle Éireann do Theifigh (Leanaí Scartha), an tOmbudsman do Leanaí, Coimisiún na hÉireann um Chearta Daonna, agus Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (a oifig sin in Átha Cliath) – moltaí ar chóir aird agus araoid a thabhairt orthu nuair a rachaidh an Rialtas nua in éadan gnóthaí inimirce agus tearmainn. San idirlinn, is é Acht na nDídeanaithe 1996, mar a leasaíodh, an dlí bunúsach ar chúrsaí tearmainn i gcónaí.

2.7 Teagmháil le hEagraíochtaí Reachtasacha / Neamh-Reachtasacha, le Páirtithe Polaitiúla agus leis na Meáin Chumarsáide

- ***Gréasán na n-Eaglaisí um Thearmann (GET / CAN)***: bíonn beirt bhall de TDD i láthair ag na tionóil seo gach re mhí, áit a mbíonn deis ag an lucht freastail, agus iad ag teacht as Deisceart agus Tuaisceart Éireann, malairt eolais a thabhairt dá chéile ar chúrsaí dídine.

- Déanann baill TDD freastal ar na tionóil in aghaidh na ráithe idir GET / CAN agus an Áisíneacht Fháilte agus Comhtháite (Roinn Dlí&Cirt,C7AD).
- ***Coiste Frith-Chiníochais 7 Ilghnéitheachta*** **–** Plean ARD 2007-2010**.** ***Is*** coiste é seo de chuid Chomhairle DLRD agus is ball é TDD den Choiste. Tá sé socraithe go bhfadófar tréimhse an Choiste tar éis 2010.
- ***Coiste na hIlghnéitheachta faoi stiúir an Gharda Síochána***: fhreastalaínn beirt bhall de Choiste TDD – duine acu mar Chathaoirleach agus an duine eile mar Chisteoir – cruinnithe an choiste seo.
- ***Comhghuaillíocht Chearta an Linbh****:* is ball é TDD den Chomhghuaillíocht.
- ***Lárionad Comhtháite / Integration Centre***: cruthaíodh an eagraíocht nua seo nuair a rinneadh na heagraíochtaí, "Seirbhís Eolais ar Dhídeanaithe agus "Éire a Chóimheascadh", a chumasc le chéile. I mí Mheán Fómhair, d'fhreastal ball de choiste TDD, ar thionól mar ar léiríodh na seirbhísí atá ar fáil ansin.
- ***Páirtithe Polaitiúla*****:** bíonn TDD i mbun cumarsáide go rialta le hionadaithe an Oireachtais agus an rialtais áitiúil inár gceantair. Thug Páirtí an Lucht Oibre (Meitheal Oibre ar Bheartas Comhtháite) cuireadh i mí an Mheithimh do TDD a thuairimí a nochtadh, agus beartas dá dhréachtú ag an bPáirtí sin ar an gcomhtháitheadh – agus rinne TDD amhlaidh. I mbeartas an pháirtí sin ar Chúrsaí na hÓige, a foilsíodh ar an 11 Lúnasa 2010, rinne Páirtí an Lucht Oibre moltaí atá praiticiúil agus dearfach mar gheall ar Gháinneáil an Duine *(*is é sin daoine saolta a reic mar earraí*)* agus ar Iarrthóirí Tearmainn. Is tráthúil caidreamh pearsanta den chineál sin agus olltoghchán ar tuar dúinn i dtús na hathbhliana 2011.
- ***Meáin Chumarsáide***: tugtar cuireadh d'ionadaithe na nuachtán - náisiúnta agus inár gceantar - chuig Lá Chomóradh na nDídeanaithe agus cothaítear caidreamh leo. Cuireadh agallamh raidió ar bheirt de bhaill TDD, agallamh a thug deis don lucht éisteachta tábhacht an Chomóraidh sin a mhíniú.

2.8 Cúrsaí Riaracháin TDD, Gníomhas Iontaobhais agus Bunreacht, Beartais

- **Struchtúir de réir Dlí**: Is éard atá sa TDD, Iontaobhas carthanach (Gníomhas Iontaobhais) agus Comhlachas (Bunreacht), agus is iad na hiontaobhaithe atá freagrach as cúrsaí airgeadais. Is "ball corpraithe" an t-Iontaobhas (Scéim Ionchorpraithe de réir Acht na gCarthanas 1972) – tá fáil ar na cáipéisí seo ar www.drp.ie.
- **Gníomhas Iontaobhais dá Leasú:** toisc fuílleach creidmheasa a bheith ar fáil i gcuntas reatha TDD ag Banc na hÉireann, chinn na hIontaobhaithe ag an gcruinniú míosúil i nDeireadh Fómhair ar chuntas a oscailt ag an mbanc céanna – "Cuntas 40 Lá Fógra Roimh Ré / *40 day Set Notice Account",* a thabharfadh biseach. Chuige sin, ní mór Alt 9 den Ghníomhas Iontaobhais a leasú agus caithfear téacs an leasaithe sin a chur i scríbhinn faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim (Alt 7 Gníomhas Iontaobhais) agus na gCoimisinéirí Carthanas (Alt 9 Scéim Ionchorpraithe) le cead a fháil roimh ré. Tá muid ag iarraidh an cuntas Fógra Roimh Ré a bheith oscailte go luath i 2011.
- **Ballraíocht – Iontaobhas agus Comhlachas**: níor athraíodh ballraíocht an Iontaobhais i rith na bliana 2010. Maidir le Comhlachas TDD, de réir Alt 5.1 (baill an choiste) and Alt 14 (gnáth-bhaill) de Bhunreacht TDD, rinne an Coiste na ceapacháin de bharr cómhthofa nó de bharr cinnidh mar leanas:
    - Ciarán Lane – ball an choiste a cómhthothadh – i mí Eanáir

- Bryan MacMahon–ball an choiste a cómhthothadh– i mí na Bealtaine.
- Miriam Conway – gnáth-bhall – ar cinneadh uirthi - i mí na Bealtaine.

Bhí ar Joan Gallagher – a rinne éacht oibre i gCill Iníon Léinin agus ag na seisiúin Buail Isteach ar son na ndaoine óga - éirigh as bheith ina ball. Tá muid an-bhuíoch di mar gheall ar gach dá ndearna sí ar son TDD i gcaitheamh na mblianta sin.

Aguisín: Tá liosta de na hIontaobhaithe agus de Bhaill Choiste agus de Ghnáth-bhaill Chomhlachas TDD ar fáil san aguisín ag deireadh.

- **Tionóil an Choiste**: tionóladh comhchruinnithe de na hIontaobhaithe / Baill Choiste TDD gach uile mhí - amach ó mhí Iúil agus mí na Nollag sa bhliain 2010. Cuirtear timpeall tríd an ríomh-phost miontuairiscí an chruinnithe dheireanaigh dhá sheachtain roimh an chéad chruinniú eile agus glactar leo ag an gcruinniú sin. Iarrtar ar na baill tuarascálacha a sheoladh isteach tríd an ríomh-phost roimh gach cruinniú mar gheall ar ghníomhartha faoi leith, mar shampla: cuairteanna go dtí Gaillimh nó Port Láirge, cúrsaí cuntais agus airgead a bhailiú.
- **Cóid Iompair**: bhí na cóid iompair ar Chosaint Leanaí, Mí-úsáid Shubstaintí agus Saorálaíocht / Beartas Comhdheiseanna i bhfeidhm agus rinneadh iad a athbhreithniú i rith 2010. Tugtar aird orthu sin agus ar na forálacha ar rúndacht in Acht na nDídeanaithe 1966 (Alt.19), chomh maith freisin le príobháideacht agus cosaint shonraí ár gcliant, mar atá na daoine óga, ár ndeontóirí agus ár mbaill.
- **Suíomh Gréasáin**: tá muid an-bhuíoch de Jonathan Larkin agus de Adams Oluwaseun as a gcuid oibre le barr feabhais a chur ar shuíomh gréasáin TDD (www.drp.ie). Tá sé de rún againn an suíomh a athbhreithniú agus a dhéanamh cothrom leis an dáta i rith na bliana 2011.
- **"Carthanacht Údaraithe"**: ar an 6 Lúnasa chuir TDD iarratas isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim (Roinn na gCarthanas) le go ndéanfaí an stádas sin mar Charthanacht Údaraithe a athnuachan go ceann cúig bliana eile. Bronnadh an stádas sin ar an 11/11/2005. D'fhreagair na Coimisinéirí Ioncaim go rithfeadh téarma na bailíochta fós suas go dtí 30 Bealtaine 2012. Is é fios fátha an scéil seo go ndearnadh iarratas breise trí dhearmad sa bhliain 2007.

2.9 Cúrsaí Airgid agus Airgead a Chruinniú

De réir an Ghníomhais Iontaobhais (GI) agus na Scéime Ionchorpraithe (SI), is iad na céimeanna a chaithfear a leanúint gach bliain, d'fhonn na Cuntais Bhliantúla a iniúchadh go neamhspleách agus a ghlacadh go foirmiúil, mar seo a leanas:

1) Athbhreithníonn na hIontaobhaithe cuntais na bliana a ghabh thart ag comhchruinniú na n-Iontaobhaithe / an Choiste agus tugtar a dtoil na cuntais – arna gcur in ord go críochnúil mar ba chóir - a sheoladh chuig na hiniúchóirí (sprioc-dháta: Eanáir).
2) Cuirtear na Cuntais Bhliantúla chuig na hiniúchóirí (SOI Alt.12), (sprioc-dháta deireadh Feabhra).
3) Tar éis na cuntais a bheith iniúchta, cuirtear iad faoi bhráid na n-Iontaobhaithe le go nglactar iad, agus socraítear go síneoidh beirt Iontaobhaithe na Ráitis Airgeadais (sprioc-dháta: Meitheamh).
4) "Taobh istigh de 15 lá tar éis glacadh leis na Cuntais Bhliantúla" (SI Alt.12), cuirtear na Ráitis Airgeadais mar aon le Tuarascáil na n-Iniúchóirí ag deimhniú na gcuntas go dtí na Coimisinéirí um Dheonacháin agus

Thiomnachta Carthanacha d'Éirinn (go dtí go gcuirtear an tÚdarás Rialacháin nua ar bun de réir Acht na gCarthanas 2008) agus go dtí na Coimisinéirí Ioncaim – Rannóg na gCarthanas, An tAonach (sprioc-dháta: Meitheamh).

5) Faightear thar ais na Cuntais Bhliantúla ó na hIniúchóirí agus cuirtear i dtaisce go cúramach iad, óir caithfear iad a choinneáil go ceann sé bhliana ar a laghad – Acht na gCarthanas 2008 § 42 (sprioc-dháta: Iúil).
6) Cláraítear na cúig chéim thuas-luaite sna miontuairiscí a bhaineann le cruinnithe iomchuí na n-Iontaobhaithe / An Choiste.

Leanadh leis an modh oibre sin, a bheagán nó a mórán de, sa bhliain 2010. Is iad CDK Associates, Cuntasóirí agus Iniúchóirí Cláraithe, Dún Laoghaire, a ghníomhaíonn ar son TDD ó 2002 anuas.

Rinne TDD a lán-dícheall i rith na bliana 2010 le deontais a bhailiú. I ndíol ar sin, fuarthas deontas mór tathagach amháin agus roinnt deontas tábhachtach eile. Tá muid fíor-bhuíoch díobh siúd a thug go fial dúinn agus a chuidigh linn ar dhóigheanna eile leis - agus ina measc sin – na heagraíochtaí oifigiúla inár gceantar (Comhairle Contae Dhún Laoghaire Rath an Dúin agus Comhpháirtíocht An Chinn Theas), an Crannchur Náisiúnta, na compántais dhaonchairdiúla agus na fondúireachta carthanacha - AdiKwa, Community Foundation for Ireland, Fondúireacht Charthanach JP McManus, The One Foundation, Craobhacha Chumann Naomh Uinsionn de Pól ar an gCarraig Dhubh agus i gCabán tSíle - Banc Comhaontaithe na hÉireann (BCE - AIB), na mic léin agus na múinteoirí ag Scoil Naomh Gearárd, Bré, agus an draoi de shaoránaigh phríobháideacha i nDún Laoghaire agus i mbaill eile. Is mór ár mbuíochas leo siúd uile a ghlac páirt i Maratón na mBan i mí an Mheithimh agus in imeachtaí eile a raibh "urraíocht" ag dul leo. Ar mbuíochas ó chroí leat, a Katherine Howorth agus a Laura Larkin.

Is éard a léiríonn ár gcuntais le haghaidh na bliana 2010 gurbh é an t-iarmhéid a bhí againn sa bhanc, €34,102 ag deireadh na bliana. Chruinnigh muid deonacháin a rinne suas beagnach €€41.391 mar theacht isteach. Tharraing muid orainn costais beagán níos mó ná €35,230 san iomlán i rith na bliana – le hais €40,000 sa bhliain 2009 agus €50,000 sa bhliain 2008.

2.10 Clár Bliantúil agus Buiséad le haghaidh 2011

De réir Alt. 12 de Bhunreacht TDD, níor mhór don Choiste beart a dhéanamh roimh dheireadh mhí na Nollag ar Chlár na nGníomhaíochtaí agus ar chiste a chruinniú i gcomhair na bliana dár gceann. D'uireasa tionól den choiste a bheith ann sa mhí sin i mbliana, caithfidh an coiste an t-ábhar seo a scrúdú go mion san athbhliain.

Clár Bliantúil
Is léir, ámh, go ndíreofar aird faoi leith i gcónaí ar na cláir is mó is miste don ár gcairde óga – cláir freisin a bhearnaíonn airgead – mar seo a leanas:

- **Oideachas agus Traenáil**
- **Seisiúin Buail Isteach**, agus go háirithe:
    - **An Clár "Saol agus Saothar"**, agus
    - **Riar le riachtanais na n-iarrthóirí tearmainn / dídeanaithe** mar a léirítear dúinn sna hagallaimh "aghaidh le haghaidh"
- **Leas Sóisialta**

Tabharfar aird freisin ar na pointí seo leanas:

- **An Tuarascáil, "Doirse ar Leathadh"**: na moltaí iomchuí a bheidh faoi chaibidil ag TDD go luath amach anseo.
- **Luach ar Airgead**: tá sé de rún againn úsáid a bhaint, go cúramach barainneach, as an stór airgid, a chuir ár ndeontóirí fiala ar fáil dúinn, rún atá ag freagairt don staid ghéibheannach gheilleagrach sa tír freisin.
- **Iarrthóirí Tearmainn Óga a Scaipeadh**: ní staonfaidh muid ó bheith ag cuidiú leis na hógánaigh a bhíodh páirteach tráth sna seisiúin Buail Isteach agus a scaipeadh go Gaillimh, Port Láirge agus go bailte eile taobh amuigh de Átha Cliath lena gcur ar an eolas mar gheall ar na seirbhísí cúnaimh san áit a bhfuil siad.
- **Lá Domhanda na nDídeanaithe**, i mí an Mheithimh 2011, déanfar an Lá sin a chomóradh go cinnte mar is gnáth.

Iarmhairt Bheartais an Scaipthe: mar a dúradh sa Tuarascáil Bhliantúil 2009 § 2.9, toisc beartas an scaipthe a bheith ann, is léir gur le daoine óga a bhfuil *cead cónaithe bainte amach acu* is mó atá TDD ag roinnt anois – agus san áireamh ár gcairde óga a bhain cead cónaithe amach *roimh 2009* - agus feasta freisin le hógánaigh a dhéanfaidh amhlaidh *taobh amuigh* d'Áth Cliath. Is cosúil dá bharr sin go mbeidh gá le cláir fheiliúnacha a chabhróidh leis na daoine óga d'fhonn obair a lorg nó a choinneáil, barr feabhais a chur ar na scileanna atá acu chun obair a aimsiú nó, má tá post acu, teacht ar ardú céime de bharr an bhreis-oideachais, ceangail chros-phobail a chaomhnú i gcomhar le hÉireannaigh óga agus, go ginearálta, cóimheascadh sa mhór-phobal.

Buiséad - Caiteachas agus Ioncam le haghaidh na Bliana Dár gcionn

Is ámharach an bhail atá ar chuntais TDD le haghaidh na bliana romhainn toisc fuílleach creidmheasa shásúil a bheith mar chúl airgid againn sa bhanc, ach ní tráth faillí é mar sin féin.

- **Caiteachas mar a Mheastar:** is é is dóichí de go laghdófar ar ár gcaiteachas go mín réidh arís í 2011 agus sna blianta amach ansin, de bhrí an bheartais scaipthe. Maidir leis an mbliain seo chugainn, is cinnte go rachaidh thart ar 30 de na hógánaigh ar aghaidh i Meán Fómhair / Deireadh Fómhair 2011 chun bliana breise a thógáil agus iad páirteach sna cúrsaí ilbhliantúla, agus meastar go gcaithfear thart ar €30,000 go hiomlán a íoc as sin. Is cinnte go mbeidh mic léinn eile chéad bhliana ann agus san áireamh mic léin Oideachais agus Traenála Breise. Lena chois sin, is cosúil go méadófar ar riachtanais na n-ógánach a bhfuil cead cónaithe bainte amach acu - agus go háirithe máithreacha óga – i mór-cheantar Áth Cliath, toisc a dheacra is atá sé obair a aimsiú.
- **Ioncam:** de bhrí go bhfuil muid i dtaobh lenár ndeontóirí agus leo siúd amháin maidir le cúrsaí maoinithe, déanfaidh muid tréan-iarracht sa bhliain dár gcionn tuilleadh airgid a bhailiú, na coinníollacha a leagann ár ndeontóirí síos a shásamh, iad a chur ar an eolas faoi chúrsaí agus imeachtaí TDD agus cur le líon ár ndeontóirí, freisin. Fearacht san am thart, tá sé de rún againn:
    - fáiltiú roimh ár ndeontóirí chun na seisiúin Buail Isteach agus go háirithe chun Lá Idirnáisiúnta na nDídeanaithe i nDún Laoghaire.
    - mion-iarrachtaí ócáideacha a spreagadh faoi stiúir daoine aonair grádiaúla inár gcomharsanacht le hairgead a bhailiú agus eolas a fhorleathadh ar chúis na ndídeanaithe óga sa phobal.

- liosta a dhaingniú de “Chairde TDD”, eadhon, daoine nó gnólachta atá toilteanach deontas beag ach seasta a íoc uair amháin in aghaidh *gach bliana* roimh Nollaig nó trí ordú bainc a íoc gach mí.
- Ár “n-iar-chéimithe” a d’éirigh leo sa saol (iarrthóirí tearmainn tráth a bhain cead cónaithe amach agus a bhfuil obair sheasta acu) a ghríosú chun deontas beag a thabhairt go rialta.
- cineálacha eile de líonraí sóisialta a iniúchadh d’fhonn airgead a bhailiú.
- scrúdú a dhéanamh ar fhoinsí oifigiúla eile airgeadais.

3. Admhálacha agus Buíochas

Mo bhuíochas ó chroí do gach uile dhuine a chuir bail agus bláth ar an obair atá ar lámh againn ar mhaithe leis na daoine óga, agus do na heagraíochtaí agus do na daoine aonair iontu go léir a sheas linn i rith na bliana 2010 and ón gcéad lá dá ndeachaigh muid i gceann oibre i Meitheamh 2001.

Ar an líon mór daoine, a thug cúnamh go fial dúinn, ba mhaith liom iad seo a ainmniú agus buíochas a ghabháil dóibh go speisialta:

- **Lárionad Traenála Pobail Dhún Laoghaire (LITPDL)** ag Bóthar Eabhrac - buíochas ó chroí do Gerry O’Shea agus Catherine Bell: murach bhur gcúnamh, ní bheadh aon rath orainn.
- **Comhpháirtíocht an Chinn Theas (**Sandra King) - is sibhse a sheas linn i gcónaí, sna saolta duainéiseacha seo.
- **Gardaí Ceangail Eitnigh** (Rannán Ceannchathartha Bhaile Átha Cliath Thoir) i nDún Laoghaire agus i gCábán tSíle - is mór ar fad atá muid faoi chomaoin agaibh. I mí an Mhárta, thréaslaigh muid leis an Sáirsint Angelene Confrey i gCabhán tSíle an dámhachtain a fuair sí mar gheall ar an éacht oibre a rinne sí ar son na “bpobal atá ag éirí suas” (“rising communities”) agus mar gheall ar a ndearna sí chun an “Lámhleabhar Bígí Airdeallach” a chur i dtoll a chéile. D’fhág muid slán go brónach ag an nGarda Cian Long i rith na bliana ach is mór againn é go bhfuil rún aige teacht ar cuairt againn arís ó am go chéile.
- **Comhairle Contae DLRD** - a Rebekah Fozzard, buíochas thar cuimse.
- **Institiúid na hEalaíne, an Dearaidh agus na Teicneolaíochta -** ach a bhuí libh, a Phatricia Byrne, agus, a Jim Divine, mar gheall ar an gcúnamh mór a thug sibh dúinn.
- **Daly Lynch, Crowe agus Morris, Aturnaetha -** is é Albert Llussa a thug comhairle den scoth ar cheisteanna an dlí dúinn le blianta fada.
- **Comhghuaillíocht Chearta an Linbh / Children’s Rights Alliance**- ár mbuíochas a Mharia Corbett agus a Ken Reid.
- **Gréasán na n-Eaglaisí do Thearmann / Churches Asylum Network -** is í an tSiúir Joan Roddy a chuidigh go fial linn arís le linn na bliana seo.
- **Comhairle na hÉireann do Theifigh** - is minic a chuir sibh ar bhealach ár leasa muid le heolas cruinn agus tráthúil ag freagairt ar ár n-iarratais uile. Is ag Samantha Arnold anois atá cúram *Chlár na bPáistí Scartha san Eoraip* agus tá muid ag obair i gcomhar go dlúth léi.
- **Lárionad Naomh Uinsionn do Dhídeanaithe** - ba i an tSiúir Breege Keenan, a thug comhairle agus cúnamh dúinn go fial: déanann muid comhghairdeas mar gheall ar an áitreabh nua.

- **Thionscnamh Crosscare -** a Richard King agus na comhghleacaithe i do bhail, is mór atá muid faoi chomaoin agaibh mar gheall ar bhur gcuidiú agus bhur gcomhairle fhíorluachmhar.
- **Gaf na Gaillimhe -** go raibh míle maith agat a Shinéad Allen.
- **Coláistí agus Scoileanna -** níorbh ealaín dúinn gan buíochas a ghabhail ó chroí do Choláistí CCO – VEC, go speisialta i nDún Laoghaire agus freisin in Átha Cliath, agus do na hOllscoileanna, Coláistí agus Scoileanna mar a bhfuil na daoine óga ag déanamh staidéir: b'iontach an cúnamh a thug sibh agus an mheanma agus misneach a spreag sibh sna scoláirí óga i dtólamh.
- **Deontóirí** - ár mbuíochas ó chroí do na daoine aonair, do na gnólachtaí agus na hiontaobhais agus do na fondúireachtaí carthanacha. Is iad siúd a chuireann ar ár gcumas – de bharr a mórchroí agus a bhféile – cuidiú leis na daoine óga, agus oideachas a chur ar fáil dóibh, go háirithe.
- **Saorálaithe -** agus ar deireadh thiar, gabhaim buíochas libh uile, na saorálaithe, a d'oibrigh le fonn agus díocas agus a chuir rath ar obair uile na bliana seo ar mhaithe leis na daoine óga ar chás linn iad. Gabhaim buíochas ó chroí libh as an méid ama a chaitheann sibh linn, as bhur gcaoindúthracht, bhur spéis agus bhur gcairdeas.

Agus an meall mór ag deireadh, go raibh míle maith ag na daoine óga uile a thaithíonn an Láthair Buail Isteach agus a cheadaíonn dúinn cairdeas a shnaidhmeadh leo, ba chuma cén deachú a ghearrann a saol orthu. Is iad a thugann ucht ar an mbeatha atá rompu le gus agus gaisce, beag beann ar na fálta a chastar orthu ar an mbealach. Is mór againn a misneach, a dtiomantas, a dtreallús agus a gcúirtéis.

Go bhfairsingí Dia na cóngair oraibh uile.

Mary King
Cathaoirleach

Márta, 2011

AGUISÍN

IONTAOBHAS AGUS BAILL CHOMHALTAS THIONSCNAMH DHÚN LAOGHAIRE UM DHÍDEANAITHE (COISTE & SAORÁLAITHE) 31/12/2010

IONTAOBHAITHE *(Ni mór ceathrar duine ar a laghad a bheith ann & gan nios mó ná seachtar)*	***COISTE***	***CÚRAM OIFIGE***
1. Mary King	1. Mary King	**Cathaoirleach Iontaobhais 7 TDD***
2. Liam Ryder	2. Liam Ryder	**Rúnaí Iontaobhais 7 TDD***
3. Joan Dobbyn	3. Joan Dobbyn	
4. Maurice McCann	4. Maurice McCann	**Cisteoir***
5. Andrew McDonnell	5. Andrew McDonnell	
*Is é an cúram céanna atá ag an gCathaoirleach, an Rúnaí agus an Cisteoir i leith Iontaobhais agus Comhaltais. Is iad na hiontaobhaithe amháin atá freagrach as cúrsaí airgid.		
	6. Abrahim Abdul-Wahid	
	(folamh)	**Rúnaí Miontuairiscí**
	7. Rita Canavan	
	8. Brian Gallagher	
	9. Sara Connington	
	10. Ciarán Lane	
	11. Vivienne McCann	
	12. Bryan MacMahon	
	13. Aimé Ndarbetse	

SAORÁLAITHE (‘Gnáth-bhaill’ ag gníomhú faoi choimirce TDD)
1. Shanette Buddhai
2. Miriam Conway
3. Phoebe Fraites
4. Erik Goodbody
5. David Hicks
6. Clare Kelly
7. Jonathan Larkin
8. Peggy Lawlor
9. Sr.Bridget Shannon
10. Anthony Wilkie